ÚDARÁS PLEANÁLA CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ[1]

FÓGRA SUÍMH

TÁ SÉ I GCEIST AGAMSA, _____ [2] CUR ISTEACH AR : -

CEAD

CEAD COINNEÁLA

CEAD IMLÍNEACH

CEAD AG LEANÚINT Ó BHRONNADH CEAD IMLÍNEACH (Uimhir Tagartha an Cheada Imlínigh _____)[3]

CHUN FORBAIRT A DHÉANAMH AR AN SUÍOMH SEO _____[4]

IS É A BHEIDH I GCEIST LEIS AN BHFORBAIRT SEO NÁ [5] _____

_____

_____

_____[6]

D'FHÉADFAÍ AN IARRATAS PLEANÁLA A SCRÚDÚ NÓ A CHEANNACH LE TÁILLE NACH AIRDE É NÁ AN COSTAS RÉASÚNTA A BHAINEANN LE CÓIP A DHÉANAMH AG OIFIGÍ AN ÚDARÁIS PHLEANÁLA, ÁRAS AN CHONTAE, AN RÁTH THEAS, TRÁ LÍ LE LINN A GNÁTHUAIREANTA OIBRE: LUAN GO hAOINE 9.00 R.N. GO 5.00 I.N.

D'FHÉADFAÍ AIGHNEACHT NÓ BARÚIL I LEITH AN IARRATAIS A DHÉANAMH CHUIG AN ÚDARÁS PLEANÁLA I SCRÍBHINN AR DÍOL NA TÁILLE DE €20 ATÁ LEAGTHA SÍOS LAISTIGH DE THRÉIMHSE 5 SEACHTAINE AG TOSNÚ AR AN DÁTA A FHAIGHEANN AN tÚDARÁS AN IARRATAS. TABHARFAIDH AN tÚDARÁS PLEANÁLA A LEITHÉID D'AIGHNEACHT NÓ DE BHARÚIL SAN ÁIREAMH AGUS CINNEADH Á DHÉANAMH ACU MAIDIR LEIS AN IARRATAS. D'FHÉADFAIDH AN tÚDARÁS PLEANÁLA CEAD A BHRONNADH LE NÓ GAN COINNÍOLLACHA AG GABHÁIL LEIS, NÓ D'FHÉADFAIDH AN tÚDARÁS AN IARRATAS A DHIÚLTÚ INA IOMLÁN.

SÍNITHE: _____[7]

DÁTA AR CUIREADH AN FÓGRA SUÍOMH IN AIRDE: _____[8]

N.B. Chun teacht ar threoracha chun an fógra suímh seo a líonadh amach, féach ar an taobh eile den mbileog seo.

TREORACHA CHUN AN FÓGRA SEO A LÍONADH AMACH

1. Tá ainm an Údaráis Phleanála lena ndéanfar an t-iarratas líonta isteach ar son do chaoithiúlachta.

2. Ba cheart ainm an iarrthóra ar chead (ní ainm a g(h)níomhaí) a líonadh isteach anseo.

3. Dealaigh mar is cuí. Na saghsanna ceada ar féidir a lorg ná:
   (a) cead,
   (b) cead coinneála,
   (c) cead imlíneach
   (d) Cead ag leanúint ó bhronnadh ceada imlínigh. Más é an saghas seo ceada atá á lorg, ní mór uimhir tagartha an cheada imlínigh ar an gclár pleanála a chur síos.

4. Ba cheart láthair, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an fhoirgnimh lena mbaineann an cead pleanála a chur isteach anseo.

5. Dealaigh mar is cuí. Ba cheart an aimsir láithreach a úsáid agus cead coinneála á lorg.

6. Ba cheart cur síos gairid ar nádúr agus achar na forbartha a chur isteach anseo. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas mar chuid den chur síos:

   (a) Má bhaineann an t-iarratas le forbairt go bhfuil tógáil tithe mar chuid de, ba cheart líon na dtithe a chur síos. San áireamh san fhocal 'Tithe' tá aon fhoirgneamh deartha mar dhá áitreabh nó árasán, nó aon áitreabh eile laistigh de nó mar chuid d'fhoirgneamh.
   (b) Má bhaineann an t-iarratas le coinneál struchtúir, ba cheart nádúr na húsáide atá i gceist don struchtúr a chur síos agus, más cuí, an tréimhse lena mbeidh sé i gceist an struchtúr a choinneál.
   (c) Sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt go mbeadh obair ar struchtúr caomhnaithe, nó struchtúr atá molta i gcomhair caomhnaithe, ba cheart an fhíric seo a lua.
   (d) Más ea go bhfuiltear tar éis Tuarascáil Measúnacht Tionchar Timpeallachtá nó Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú maidir leis an iarratas, ba cheart an fhíric seo a lua.
   (e) Más amhlaidh go mbaineann an t-iarratas le forbairt a bheidh ghníomhaíocht mar chuid de go bhfuil gá aige le Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú, ba cheart an fhíric seo a lua.
   (f) Más amhlaidh go mbaineann an t-iarratas pleanála le forbairt a sholáthróidh, nó a déanfaidh athraithe ar ghnólacht mar a shainmhínítear í faoi Chuid 11 de na Rialúcháin (Treoir Mórthimpiste), ba cheart an fhíric seo a lua.

7. Ba cheart síniú an iarrthóra nó síniú agus seoladh teagmhála an duine atá ag gníomhú ar son an iarrthóra a chur isteach anseo.

8. Ba cheart an dáta a chuireadh an fógra in airde a líonadh isteach anseo.

9. Moltar d'iarrthóirí i gceantracha Gaeltachta an fógra suímh a bheith as Gaeilge nó as Gaeilge agus Béarla araon.